



Uimhir 16 de 2021

An tAcht um Ghóchumadh, 2021
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 16 de 2021

AN tACHT UM GHÓCHUMADH, 2021

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA GADAÍOCHTA AGUS CALAOISE), 2001

2. Míniú (Cuid 2)
3. Leasú ar alt 32 d'Acht 2001
4. Leasú ar alt 33 d'Acht 2001
5. Leasú ar alt 34 d'Acht 2001
6. Leasú ar alt 36 d'Acht 2001
7. Leasú ar alt 37 d'Acht 2001
8. Leasú ar alt 38 d'Acht 2001
9. Dlíteanas i leith cionta ag comhlacht corpraithe, etc. (Cuid 5)
10. Leasú ar alt 39 d'Acht 2001
11. Leasú ar alt 58 d'Acht 2001

CUID 3

OIBLEAGÁIDÍ DAOINE IOMCHUÍ I LEITH BARÁNTÚLACHT AGUS OIRIÚNACHT NÓTAÍ BAINC EURO
AGUS MONAÍ EURO A CHINNTIÚ

12. Mínithe (Cuid 3)
13. Feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais
14. Féadfaidh an Banc Ceannais ceanglas a fhorchur ar dhuine iomchuí

15. Rialacháin (Cuid 3)
16. Cumhacht an Bhainc Ceannais a cheangal go soláthrófar faisnéis, taifid, pleananna, etc.
17. Oifigigh údaraithe a cheapadh
18. Barántas ceapacháin
19. Cumhacht oifigigh údaraithe dul isteach in áitreabh
20. Cumhachtaí oifigigh údaraithe
21. Is gá barántas chun dul isteach in áitreabh
22. Ní mheasfar gur sárú é faisnéis, taifead nó doiciméad eile a sholáthar ná ní dhéanfaidh an céanna difear do lian
23. Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid
24. Oibleagáidí daoine iomchuí
25. Mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh
26. Cion arb éard é cosc a chur, etc.
27. Dlíteanas i leith cionta ag comhlacht corpraithe, etc. (Cuid 3)

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

28. Sainainmniú an Lárionaid Náisiúnta um Anailisiú le haghaidh nótaí euro agus an Lárionaid Náisiúnta um Anailisiú Monaí
29. Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942
30. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1994
31. Leasú ar an Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998
32. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 2011
33. Leasú ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí), 2018

[2021.]

An tAcht um Ghóchumadh, 2021.

[Uimh. 16.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)

Acht an Bhainc Ceannais, 1997 (Uimh. 8)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú), 2021 (Uimh 2)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 (Uimh. 50)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994 (Uimh. 15)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011 (Uimh. 22)

An tAcht um Airgead Reatha Deachúil, 1969 (Uimh. 23)

An tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998 (Uimh. 38)

An tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 (Uimh. 45)

An tAcht um Eiseachadadh, 1965 (Uimh. 17)

An tAcht Airgeadais, 2002 (Uimh. 5)



Uimhir 16 de 2021

AN tACHT UM GHÓCHUMADH, 2021

[An tiontú oifigiúil]

Acht do thabhairt éifeacht do Threoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014¹ maidir leis an euro agus airgeadraí eile a chosaint ar ghóchumadh leis an dlí coiriúil, agus lena ndéantar Cinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle a ionadú agus, chun na críche sin, do leasú an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001; do thabhairt lánéifeacht do Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001², lena leagtar síos bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 44/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008³; do thabhairt lánéifeacht do Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010⁴ maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil; agus do thabhairt lánéifeacht do Chinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010⁵ maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus iad a chur ar ais i gcúrsaíocht, arna leasú le Cinneadh BCE/2012/19 an 7 Meán Fómhair 2012⁶ agus le Cinneadh BCE/2019/2195 an 5 Nollaig 2019⁷; do dhéanamh socrú breise i ndáil le sainainmniú an Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú le haghaidh nótaí euro agus an Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú Monaí le haghaidh monaí euro; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[5 Iúil 2021]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

- 1. (1)** Féadfar an tAcht um Ghóchumadh, 2021 a ghairm den Acht seo.

1 IO Uimh. L151, 21.5.2014, lch.1
2 IO Uimh. L181, 4.7.2001, lch.6
3 IO Uimh. L17, 22.1.2009, lch.1
4 IO Uimh. L339, 22.12.2010, lch.1
5 IO Uimh. L267, 9.10.2010, lch.1
6 IO Uimh. L253, 20.9.2012, lch.19
7 IO Uimh. L330, 20.12.2019, lch.91

- (2) Tiocfaidh *Codanna 1* agus *2* agus *ailt 30, 32* agus *33* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (3) Tiocfaidh *Cuid 3* agus *ailt 28, 29* agus *31* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt, le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA GADAÍOCHTA AGUS CALAOISE), 2001

Míniú (*Cuid 2*)

2. San Acht seo, ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

Leasú ar alt 32 d’Acht 2001

3. Leasaítear alt 32 d’Acht 2001—

(a) i bhfo-alt (1)—

- (i) trí na mínithe seo a leanas a chur in ionad na mínithe ar “nóta airgeadra” agus ar “mona”:

“ciallaíonn ‘nóta airgeadra’ nóta airgeadra atá eisithe go dleathach nó is gnách a úsáid mar airgead sa Stát nó in aon stát eile nó in aonad críche laistigh de agus folaíonn sé nóta airgeadra arna ainmniú in euro;

ciallaíonn ‘mona’ (seachas i ndáil le mona dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘sainainmnithe’ agus mona lena mbaineann fo-alt (2)(aa)) mona atá eisithe go dleathach nó is gnách a úsáid mar airgead sa Stát nó in aon stát eile nó in aonad críche laistigh de agus folaíonn sé mona arna ainmniú in euro nó in cent;”,

agus

- (ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“foláíonn ‘ionstraim ghóchumtha’ aon ionstraim, airceadal, clár ríomhaireachta nó sonraí, agus aon mhodh eile atá deartha nó oiriúnaithe go speisialta chun góchumadh a dhéanamh ar nóta airgeadra nó ar mhona;

ciallaíonn ‘údarás airgeadra’ údarás nó comhlacht dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (c) den mhíniú ar ‘eisthe go dleathach’;

folaíonn ‘ionstraim airgeadra’ aon ionstraim, airceadal, clár ríomhaireachta nó sonraí, agus aon mhodh eile atá deartha nó oiriúnaithe go speisialta chun nóta airgeadra nó mona a dhéanamh;

ciallaíonn ‘sainainmnithe’, i ndáil le nóta nó le mona, sainainmnithe le haghaidh cúrsaíochta mar dhlíthairiscint ach nach bhfuil eisithe go dleathach fós;

ciallaíonn ‘Treoir 2014/62/AE’ Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an euro agus airgeadraí eile a chosaint ar ghóchumadh leis an dlí coiriúil, agus lena ndéantar Cinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle a ionadú;

folaíonn ‘gné shlándála’ holagram, comhartha uisce nó comhchuid eile d’airgeadra a fheidhmíonn chun é a chosaint ar ghóchumadh;”,

(b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (a), trí “tuairisc sin é,” a chur in ionad “tuairisc sin é, nó”, agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) gur nóta nó mona é atá monaraithe trí shaoráidí dlíthiúla nó ábhair dhlíthiúla a úsáid de shárú ar na cearta nó ar na coinníollacha faoina bhféadfaidh údarás airgeadra nótaí airgeadra nó monaí a eisiúint, nó”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Aon tagairt in alt 34, 35, 36, 37 agus 38 do ghóchumadh ar nóta airgeadra nó ar mhona, measfar go bhfolaíonn sí tagairt do nóta sainainmnithe nó do mhona sainainmnithe.”,

agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chuid seo agus a úsáidtear freisin i dTreoir 2014/62/AE, mura léir a mhalairt d’intinn, an bhrí chéanna sa Chuid seo atá leis nó léi sa Treoir sin.”.

Leasú ar alt 33 d’Acht 2001

4. Leasaítear alt 33 d’Acht 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon duine a dhéanfaidh nó a athróidh nóta nó mona sainainmnithe, le hintinn go ndéanfaidh sé nó sí nó duine eile é a thabhairt nó a thairiscint mar nóta dílis nó mar mhona dílis, tá sé nó sí ciontach i gcion.”.

Leasú ar alt 34 d’Acht 2001

5. Leasaítear alt 34 d’Acht 2001—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Aon duine a ghlacann, a fhaigheann nó a iompraíonn aon rud is góchumadh, agus arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí, gur góchumadh é ar nóta airgeadra nó ar mhona, le hintinn go ndéanfaidh sé nó sí nó duine eile é a thabhairt nó a thairiscint mar nóta airgeadra dílis nó mar mhona dílis, tá sé nó sí ciontach i gcion.”,

agus

(b) i bhfo-alt (3)(b), trí “faoi fho-alt (2) nó (2A)” a chur in ionad “faoi fho-alt (2)”.

Leasú ar alt 36 d’Acht 2001

6. Leasaítear Acht 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 36:

“36. (1) Aon duine a dhéanann, a ghlacann, a fhaigheann nó a bhfuil ina choimeád nó ina coimeád nó faoina rialú, ionstraim airgeadra, ionstraim ghóchumtha nó gné shlándála, le hintinn go ndéanfaidh sé nó sí nó duine eile an ionstraim airgeadra, an ionstraim ghóchumtha nó an ghné shlándála a úsáid chun góchumadh a dhéanamh ar nóta airgeadra nó ar mhona le hintinn go dtabharfar nó go dtairgfear é mar nóta airgeadra dílis nó mar mhona dílis, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Aon duine a bhfuil ionstraim airgeadra, ionstraim ghóchumtha nó gné shlándála ina choimeád nó ina coimeád nó faoina rialú, gan údarás ná leithscéal dleathach, tá sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná—

(a) 10 mbliana, i gcás cion faoi fho-alt (1), nó

(b) cúig bliana, i gcás cion faoi fho-alt (2).”.

Leasú ar alt 37 d’Acht 2001

7. Leasaítear alt 37 d’Acht 2001 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Aon duine a dhéanann góchumadh ar nóta airgeadra nó ar mhona a allmhairiú nó a onnmhairiú, arb eol dó nó di, nó a gcreideann sé nó sí, gur góchumadh é ar nóta airgeadra nó ar mhona, le hintinn go ndéanfaidh sé nó sí nó duine eile é a thabhairt nó a thairiscint mar nóta airgeadra dílis nó mar mhona dílis, tá sé nó sí ciontach i gcion.”.

Leasú ar alt 38 d’Acht 2001

8. Leasaítear Acht 2001 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 38:

“38. (1) Aon saoránach Éireannach a dhéanann gníomh in áit lasmuigh den Stát arbh éard a bheadh ann, dá ndéanfaí sa Stát é—

(a) cion faoi alt 33, 34, 35, 36, 37 nó 38A, nó

(b) cion arb éard é gríosú, cabhrú agus neartú, nó iarracht a dhéanamh cion dá dtagraítear i mír (a) a dhéanamh,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

- (2) Faoi réir fho-alt (4), aon duine seachas saoránach Éireannach a dhéanann gníomh in áit lasmuigh den Stát arbh éard a bheadh ann, dá ndéanfaí sa Stát é—

(a) cion faoi alt 33, 34, 35, 36, 37 nó 38A, nó

(b) cion arb éard é gríosú, cabhrú agus neartú, nó iarracht a dhéanamh cion dá dtagraítear i mír (a) a dhéanamh,

tá sé nó sí ciontach i gcion.

- (3) Aon duine atá ciontach i gcion faoi fho-alt (1) nó (2), dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil an pionós a chur air nó uirthi a dhlífi a chur air nó uirthi dá mba rud é go mbeadh an gníomh, arbh éard a bheadh ann an cion sa Stát, déanta aige nó aici.

- (4) Beidh feidhm ag fo-alt (2) i gcás gur ghéchumadh ar nóta airgeadra arna ainmniú in euro nó ar mhona arna ainmniú in euro nó in cent ab ea an géchumadh ar nóta airgeadra nó ar mhona lenar bhain an gníomh.

- (5) I gcás go gcúisítear duine i gcion faoi fho-alt (2), is é nó is í an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin a thionscnóidh, nó is lena thoiliú nó lena toiliú amháin a thionscnófar, aon imeachtaí breise maidir leis an ní (seachas athchur i gcoimeád nó faoi bhannaí).

- (6) Féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí a thionscnamh mar gheall ar chion faoi fho-alt (2) más rud é gur deimhin leis nó léi—

(a) go bhfuil iarraidh, chun duine a thabhairt suas chun é nó í a thriail mar gheall ar chion i leith an iompair lena mbaineann, déanta ag stát a bhfuil feidhm ag Cuid II den Acht um Eiseachadadh, 1965 i ndáil leis, agus go bhfuiltear tar éis diúltú go críochnaitheach don iarraidh sin (cibé acu is mar gheall ar bhreith ó chúirt é nó ar shlí eile),

(b) go bhfuil barántas gabhála Eorpach faighte ó stát eisiúna chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne an duine mar gheall ar chion i leith an iompair lena mbaineann, agus go bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta nár cheart an barántas gabhála Eorpach a fhormhuiniú lena fhorghníomhú sa Stát faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 nó nár cheart an duine a thabhairt suas chun an stáit eisiúna lena mbaineann, nó

(c) go bhfuiltear tar éis géchumadh ar nóta airgeadra arna ainmniú in euro nó ar mhona arna ainmniú in euro nó in cent a bhaineann leis an gcion a bhrath sa Stát.

- (7) Féadfar imeachtaí mar gheall ar chion faoi fho-alt (1) nó (2) a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar plé leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh san áit sin.”.

Dliteanas i leith cionta ag comhlacht corpraithe, etc. (Cuid 5)

9. Leasaítear Acht 2001 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 38:

“Dliteanas i leith cionta ag comhlacht corpraithe, etc. (Cuid 5)

38A. (1) I gcás go ndéanfaidh duine iomchuí cion iomchuí chun leasa comhlachta chorpraithe agus go mbeidh déanamh an chiona iomchuí inchurtha i leith stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú sa cháil sin, do mhainniú an méid maoirseachta nó rialaithe is gá a fheidhmiú ar an duine iomchuí, tráth déanta an chiona iomchuí agus in imthosca uile an cháis, beidh an comhlacht corpraithe ciontach i gcion.

(2) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi fho-alt (1), is cosaint é do chomhlacht corpraithe arb ina choinne a thionscnófar imeachtaí den sórt sin a chruthú go ndearna sé gach beart réasúnach agus gach dícheall cuí chun déanamh an chiona a sheachaint.

(3) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion iomchuí agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(4) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag fo-alt (3) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(5) Maidir le fo-alt (1)—

(a) tá sé gan dochar do na himthosca eile, faoin dlí ginearálta, trína bhfuil gníomhartha duine nádúrtha inchurtha i leith comhlacht corpraithe agus arb é an comhlacht corpraithe sin atá dlite go coiriúil i leith na ngníomhartha sin dá réir sin, agus

(b) ní eisiatar leis imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha atá páirteach mar dhéantóirí, gríosóirí nó cúlpháirtithe i gcion dá dtagraítear san fho-alt sin.

(6) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi fho-alt (1), dlífeair ar é nó í a chiontú ar díotáil fineáil a chur air nó uirthi.

(7) San alt seo—

ciallaíonn ‘duine iomchuí’, i ndáil le comhlacht corpraithe—

(a) stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú sa cháil sin, nó

- (b) fostaí, fochuideachta nó gníomhaire de chuid an chomhlachta chorpraithe;

ciallaíonn ‘cion iomchuí’—

- (a) cion faoi alt 33, 34, 35, 36 nó 37, nó
 - (b) cion arb éard é gríosú, cabhrú agus neartú, nó iarracht a dhéanamh cion dá dtagraítear i mír (a) a dhéanamh;
- tá le ‘fochuideachta’, i ndáil le comhlacht corpraithe, an bhrí chéanna atá leis in Acht na gCuideachtaí, 2014.”.

Leasú ar alt 39 d’Acht 2001

10. Leasaítear alt 39 d’Acht 2001—

- (a) i bhfo-alt (1)—

- (i) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “comhlacht ainmnithe”:

“ciallaíonn ‘comhlacht sainainmnithe’—

- (a) foras creidmheasa,
- (b) laistigh de theorainneacha a ghníomhaíochta íocaíochta, soláthraí seirbhíse íocaíochta,
- (c) An Post, agus
- (d) aon duine eile atá ag gabháil do nótaí airgeadra nó do mhonaí, nó iad araon, a phróiseáil agus a dháileadh ar an bpobal, lena n-áirítear—
 - (i) duine arb é an ghníomhaíocht atá á déanamh aige nó aici nótaí airgeadra agus monaí d’airgeadraí éagsúla a mhalartú, lena n-áirítear duine nó comhlacht atá údaraithe faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1997 chun gnó *bureau de change* a sheoladh,
 - (ii) iompróir cistí, agus
 - (iii) duine atá ag gabháil, ar bhonn tánaisteach, do nótaí airgeadra a phróiseáil agus a dháileadh ar an bpobal trí uathmheaisíní bainc (UMBanna), laistigh de theorainn an bhoinn thánaistigh sin;”,

agus

- (ii) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘foras creidmheasa’ foras creidmheasa mar a mhínítear institiúid creidmheasa i bpointe (1) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013⁸ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

8 IO Uimh. L 176, 27.06.2013, lch.1

tá le ‘iompróir cistí’ an bhrí chéanna atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 44/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008;

ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse íocaíochta’ duine dá dtagraítear i Rialachán 6(1) de Rialachán an Aontais Eorpaigh (Seirbhísí Íocaíochta), 2018 (I.R. Uimh. 6 de 2018);”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon tagairt san alt seo do nóta nó do mhona, ní foláíonn sí tagairt do nóta ná do mhona arna ainmniú, nó a airbheartaíonn a bheith ainmnithe, in euro nó in cent.”,

agus

(c) trí fho-alt (8) a scriosadh.

Leasú ar alt 58 d’Acht 2001

11. Leasaítear alt 58(1) (arna leasú le halt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) (Leasú), 2021) d’Acht 2001, i mír (a), trí “(seachas Cuid 5 nó 6)” a chur in ionad “(seachas Cuid 6)”.

CUID 3

OIBLEAGÁIDÍ DAOINE IOMCHUÍ I LEITH BARÁNTÚLACHT AGUS OIRIÚNACHT NÓTAÍ BAINC EURO AGUS MONAÍ EURO A CHINNTIÚ

Mínithe (Cuid 3)

12. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Banc Ceannais” Banc Ceannais na hÉireann;

“ciallaíonn ‘foras creidmheasa’ foras creidmheasa mar a mhínítear institiúid creidmheasa i bpointe (1) d’Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

ciallaíonn “an Cinneadh maidir le Nótaí Baine Euro” Cinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus iad a chur ar ais i gcúrsaíocht, arna leasú le Cinneadh BCE/2012/19 an 7 Meán Fómhair 2012 agus le Cinneadh BCE/2019/2195 an 5 Nollaig 2019;

ciallaíonn “an Rialachán maidir le Monaí Euro” Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil;

ciallaíonn “an Rialachán maidir le Góchumadh Euro” Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 44/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008;

ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse íocaíochta’ duine dá dtagraítear i Rialachán 6(1) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Seirbhísí Íocaíochta), 2018 (I.R. Uimh. 6 de 2018);

ciallaíonn “duine iomchuí”—

- (a) foras creidmheasa,
- (b) laistigh de theorainneacha a ghníomhaíochta íocaíochta, soláthraí seirbhíse íocaíochta,
- (c) An Post, agus
- (d) aon duine eile atá ag gabháil do nótaí nó do mhonaí, nó iad araon, a phróiseáil agus a dháileadh ar an bpobal, lena n-áirítear—
 - (i) duine arb é an ghníomhaíocht atá á déanamh aige nó aici nótaí agus monaí d’airgeadraí éagsúla a mhalartú, lena n-áirítear duine nó comhlacht atá údaraithe faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1997 chun gnó *bureau de change* a sheoladh,
 - (ii) iompróir cistí, agus
 - (iii) duine atá ag gabháil, ar bhonn tánaisteach, do nótaí a phróiseáil agus a dháileadh ar an bpobal trí uathmheaisíní bainc (UMBanna), laistigh de theorainn an bhoinn thánaistigh sin.
- (2) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear sa Chuid seo agus a úsáidtear freisin sa Chinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro, sa Rialachán maidir le Monaí Euro nó sa Rialachán maidir le Góchumadh Euro, mura léir a mhalairt d’intinn, an bhrí chéanna sa Chuid seo atá leis nó léi sa Chinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro, sa Rialachán maidir le Monaí Euro nó sa Rialachán maidir le Góchumadh Euro, de réir mar a bheidh.

Feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais

- 13.** (1) Déanfaidh an Banc Ceannais faireachán ar mar a chomhlíonann daoine iomchuí a n-oibleagáidí, agus déanfaidh sé na bearta go léir is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh daoine iomchuí a n-oibleagáidí, arb oibleagáidí iad—
- (a) faoin gCinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro,
 - (b) faoin Rialachán maidir le Monaí Euro, agus
 - (c) faoin Rialachán maidir le Góchumadh Euro.
- (2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Banc Ceannais na nithe seo a leanas a fhíorú—
- (a) na nósanna imeachta lena rialaítear an chaoi ina ndéanann daoine iomchuí meaisíní próiseála nótaí bainc agus meaisíní mona-phróiseála a oibriú agus a rialú, agus

- (b) an chaoi ina ndéileálann daoine iomchuí le nótaí euro agus le monaí euro, agus aon seiceáil a dhéanann daoine iomchuí de láimh ar bharántúlacht agus oiriúnacht nótaí euro agus monaí euro.
- (3) Déanfaidh an Banc Ceannais na nithe seo a leanas a chomhlíonadh—
 - (a) na rialuithe dá dtagraítear in Airteagal 6, agus
 - (b) na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagail 8, 9, 11 agus 12, den Rialachán maidir le Monaí Euro.

Féadfaidh an Banc Ceannais ceanglas a fhorchur ar dhuine iomchuí

14. (1) Féadfaidh an Banc Ceannais ceanglas a fhorchur ar dhuine iomchuí:

- (a) i gcás go bhfuil feidhm ag Airteagal 6.7 den Rialachán maidir le Monaí Euro i ndáil leis an duine iomchuí, cibé bearta a dhéanamh, laistigh de cibé teorainn ama, a shonrófar sa cheanglas agus a mheasfaidh an Banc Ceannais a bheith riachtanach chun a chinntiú go ndéanfar réiteach a fháil go pras ar an duine iomchuí gan bheith ag comhlíonadh an Rialacháin;
- (b) déanamh de réir coinníoll a ghabhann le cead arna dheonú ag an mBanc Ceannais faoi Airteagal 7.1 den Chinneadh maidir le Nótaí Baine Euro;
- (c) i gcás go bhfuil feidhm ag Airteagal 10.3 den Chinneadh maidir le Nótaí Baine Euro i ndáil leis an duine iomchuí—
 - (i) cibé bearta ceartaitheacha a ghlacadh, laistigh de cibé teorainn ama, a shonrófar sa cheanglas agus a mheasfaidh an Banc Ceannais a bheith riachtanach chun a chinntiú go ndéanfar réiteach a fháil go pras ar an duine iomchuí gan bheith ag comhlíonadh na bhforálacha lena mbaineann den Chinneadh, nó
 - (ii) lena ndéanfar toirmeasc a chur ar an duine iomchuí ainmníocht na nótaí baine euro de chuid na sraithe lena mbaineann a chur ar ais i gcúrsaíocht.
- (2) I gcás go mbeidh duine iomchuí ina ábhar nó ina hábhar do cheanglas ón Eurochóras faoi Airteagal 8.4 den Chinneadh maidir le Nótaí Baine Euro, measfar, maidir leis an gceanglas, gur ceanglas é de chuid an Bhainc Ceannais a bheidh forchurtha ar an duine iomchuí faoin alt seo, agus beidh feidhm ag an gCuid seo dá réir.

Rialacháin (Cuid 3)

- ##### **15. (1) Féadfaidh an Banc Ceannais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, foráil a dhéanamh le rialachán maidir leis na nithe seo a leanas:**
- (a) duine iomchuí a shainainmniú chun críocha *alt 24(9)*;
 - (b) an modh ar dá réir, agus an teorainn ama ar lena linn, a thabharfaidh duine iomchuí nótaí baine lena mbaineann Airteagal 5 den Chinneadh maidir le Nótaí Baine Euro don Bhanc Ceannais;

- (c) na caighdeáin (ar caighdeáin níos déine iad ná na cinn dá bhforáiltear sa Chinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro) ar dá réir a bheidh seiceáil oiriúnachta de láimh agus seiceáil oiriúnachta uathoibrithe, nó iad araon, le déanamh ar nótaí bainc euro d'ainmníocht nó sraith áirithe;
 - (d) an modh ar dá réir, agus an teorainn ama ar lena linn, a dhéanfaidh duine iomchuí nótaí bainc atá mí-oiriúnach a thabhairt don Bhanc Ceannais.
- (2) Ní dhéanfaidh an Banc Ceannais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, rialacháin faoi *fho-alt (1)(c)* ach amháin más rud é—
- (a) gur deimhin leis gur cóir rialacháin den sórt sin a dhéanamh, lena n-áirítear ag féachaint do cháilíocht na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht sa Stát, chun sláine nótaí bainc euro a chosaint agus chun gur féidir nótaí agus monaí góchumtha a bhrath go cuí, agus
 - (b) sula ndéanfar na rialacháin, go mbeidh sé tar éis a chur in iúl don Bhanc Ceannais Eorpach go bhfuil ar intinn aige déanamh amhlaidh.
- (3) Cuirfidh an Banc Ceannais faoi deara rialacháin faoi *fho-alt (1)(c)* a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin a luaithe is indéanta tar éis a ndéanta.
- (4) Aon rialacháin a dhéanfar faoin alt seo, féadfaidh aon fhorálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith iontu is dealraitheach don Bhanc Ceannais a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.
- (5) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Cumhacht an Bhainc Ceannais a cheangal go soláthrófar faisnéis, taifid, pleananna, etc.

16. (1) I gcás gur gá déanamh amhlaidh chun feidhmeanna an Bhainc Ceannais faoin gCuid seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc Ceannais, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt do dhuine iomchuí, a cheangal ar an duine iomchuí—
- (a) na nithe seo a leanas a sholáthar don Bhanc Ceannais—
 - (i) an fhaisnéis a bheidh sonraithe san fhógra, nó
 - (ii) na taifid a bheidh sonraithe amhlaidh,
 nó
 - (b) na doiciméid a bheidh sonraithe amhlaidh a ullmhú agus a sholáthar don Bhanc Ceannais.
- (2) Déanfaidh duine iomchuí ar a mbeidh ceanglas faoi *fho-alt (1)* forchurtha an ceanglas a chomhlíonadh—

- (a) cibé tráth nó tráthanna, nó laistigh de cibé tréimhse, a bheidh sonraithe san fhógra nó i bhfógra breise arna thabhairt ag an mBanc Ceannais, agus
 - (b) i cibé áit a bheidh sonraithe amhlaidh.
- (3) Féadfaidh an Banc Ceannais a cheangal go ndéanfar faisnéis, taifid nó doiciméid eile a sholáthrófar i gcomhlíonadh ceanglais faoi *fho-alt (1)* a dheimhniú nó a fhianú i dtaobh iad a bheith barántúil nó ceart, ar cibé modh a cheanglóidh an Banc Ceannais le réasún, lena n-áirítear le dearbhú reachtúil.
- (4) Féadfaidh an Banc Ceannais cóipeanna a dhéanamh d'aon taifid nó d'aon doiciméid eile arna soláthar i gcomhlíonadh ceanglais faoi *fho-alt (1)*, nó sleachta a thógáil as an gcéanna.
- (5) Ní dhéanfar leis an alt seo aon chumhacht eile de chuid an Bhainc Ceannais a theorannú, ar cumhacht í chun a cheangal go soláthrófar faisnéis nó taifid nó go n-ullmhófar agus go soláthrófar doiciméid.
- (6) Féadfaidh an Banc Ceannais a cheangal go ndéanfar faisnéis, taifid nó doiciméid eile a sholáthrófar mar fhreagairt ar cheanglas faoi *fho-alt (1)* a sholáthar i cibé foirm agus ar cibé modh a cheanglóidh an Banc Ceannais le réasún.
- (7) Aon duine nach ndéanfaidh aon fhaisnéis, taifid nó doiciméid eile a sholáthar san fhoirm a cheanglóidh an Banc Ceannais le réasún, déileálfar leis nó léi amhail is nach ndearna sé nó sí í nó iad a sholáthar i gcomhlíonadh an cheanglais.

Oifigh údaráithe a cheapadh

17. (1) I gcás gur gá déanamh amhlaidh chun go ndéanfaidh an Banc Ceannais a fheidhmeanna faoi *alt 13* a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc Ceannais aon duine dá chuid oifigeach nó fostaithe nó daoine cuícháilithe eile a cheapadh chun bheith ina n-oifigh údaráithe agus chun aon cheann de na cumhachtaí a thugtar leis an gCuid seo a fheidhmiú.
- (2) Féadfaidh an Banc Ceannais aon cheapachán a bheidh déanta aige faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm.
- (3) Is i scríbhinn a bheidh ceapachán nó cúlghairm faoin alt seo.
- (4) Maidir leis an mBanc Ceannais do cheapadh duine mar oifigeach údaráithe, scoirfidh an ceapachán ar cibé ní acu seo a leanas is luaithe a tharlóidh—
- (a) an Banc Ceannais do chúlghairm an cheapacháin,
 - (b) i gcás gur ar feadh tréimhse shonraithe an ceapachán, dul in éag don tréimhse,
 - (c) an duine d'éirí as an gceapachán, agus
 - (d) i gcás gur oifigeach nó fostaí de chuid an Bhainc Ceannais an duine—
 - (i) an duine d'éirí as óna bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach nó ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an Bhainc Ceannais, nó
 - (ii) fostaíocht an duine leis an mBanc Ceannais a bheith foirceanta, nó téarma oifige an duine a bheith scortha, ar chúis ar bith.

- (5) Aon uair a iarrfaidh an Banc Ceannais air nó uirthi déanamh amhlaidh, déanfaidh oifigeach údaraithe tuarascáil a thabhairt don Bhanc Ceannais ar mar a fheidhmíonn sé nó sí na cumhachtaí go léir nó aon cheann de na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe leis an gCuid seo.
- (6) San alt seo, ciallaíonn “duine cuícháilithe” aon duine (seachas oifigeach nó fostaí de chuid an Bhainc Ceannais) ag a bhfuil, i dtuairim an Bhainc Ceannais, na cáilíochtaí agus an taithí is gá chun na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe leis an gCuid seo a fheidhmiú.

Barántas ceapacháin

18. Maidir le gach oifigeach údaraithe a cheapfaidh an Banc Ceannais, déanfar barántas a cheaptha nó a ceaptha a thabhairt dó nó di, agus le linn dó nó di cumhacht a thugtar leis an gCuid seo a fheidhmiú, déanfaidh sé nó sí, má iarrann duine a ndéanann feidhmiú na cumhachta sin difear dó nó di, an barántas sin nó cóip de, mar aon le foirm céannachta pearsanta, a thabhairt ar aird lena iniúchadh nó lena hiniúchadh.

Cumhacht oifigigh údaraithe dul isteach in áitreabh

19. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh oifigeach údaraithe, chun go gcomhlíonfaidh an Banc Ceannais a fheidhmeanna faoi *alt 13*, gach tráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh—
 - (a) a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go n-úsáidtear é nó gur úsáideadh é le haghaidh gnó duine iomchuí, nó i ndáil leis an ngnó sin, nó
 - (b) a bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go gcoimeádtar taifid a bhaineann le gnó duine iomchuí ag an áitreabh sin, ar an áitreabh sin nó san áitreabh sin.
- (2) Ní rachaidh oifigeach údaraithe isteach i dteaghais, seachas—
 - (a) le toiliú an áititheora, nó
 - (b) de bhun barántas faoi *alt 21*.
- (3) Sa Chuid seo, folaíonn “áitreabh” soitheach, aerárthach, feithicil agus aon mhodh iompair eile, chomh maith le talamh agus aon déanmhas tuiní nó sochorraithe eile.

Cumhachtaí oifigigh údaraithe

20. (1) Féadfaidh oifigeach údaraithe, chun go gcomhlíonfaidh an Banc Ceannais a fheidhmeanna faoi *alt 13*, aon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) áitreabh a mbeifear tar éis dul isteach ann faoi *alt 19* nó de bhun barántas faoi *alt 21* a chuardach agus a iniúchadh;
 - (b) a cheangal ar dhuine iomchuí, ar dealraitheach go bhfuil taifid faoina rialú nó go bhfuil rochtain aige nó aici orthu, na taifid a sholáthar;
 - (c) gairm a chur ar dhuine iomchuí aon tráth réasúnach—

- (i) chun cibé faisnéis a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe a thabhairt don oifigeach údaraithe,
- (ii) chun aon taifid a bheidh faoi rialú an duine nó a mbeidh rochtain aige nó aici orthu, agus a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe, a sholáthar don oifigeach údaraithe, nó
- (iii) chun míniú a thabhairt ar bhreith, cur chuige, córas nó cleachtas nó ar chineál nó lánas aon taifead a sholáthrófar faoin alt seo;
- (d) iniúchadh a dhéanamh ar thaifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh fad a bheidh an t-áitreabh á chuardach agus iniúchadh á dhéanamh air;
- (e) cóipeanna a dhéanamh de thaifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh, nó sleachta a thógáil astu;
- (f) faoi réir *fho-alt (3)*, taifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh a thabhairt chun siúil agus a choinneáil ar feadh na tréimhse is gá le réasún chun iad a scrúdú tuilleadh;
- (g) aon taifid a sholáthrófar nó a aimseofar amhlaidh agus aon trealamh sonraí, lena n-áirítear aon ríomhaire, ina bhféadfadh na taifid sin a bheith á sealbhú, a dhaingniú lena n-iniúchadh níos faide anonn;
- (h) áitreabh a mbeifear tar éis dul isteach ann faoi *alt 19* nó de bhun barántas faoi *alt 21*, nó aon chuid d'áitreabh den sórt sin, a dhaingniú lena iniúchadh nó lena hiniúchadh níos faide anonn go ceann cibé tréimhse is gá le réasún chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCuid seo a fheidhmiú, ach ní dhéanfar sin ach amháin má mheasann an t-oifigeach údaraithe gur gá déanamh amhlaidh chun taifid a gcreideann sé nó sí a d'fhéadfadh a bheith á gcoimeád ann a chaomhnú lena n-iniúchadh;
- (i) a cheangal ar dhuine iomchuí ceisteanna a fhreagairt agus dearbhú a dhéanamh go bhfuil na freagraí ar na ceisteanna sin fíor;
- (j) a cheangal ar dhuine iomchuí míniú a thabhairt ar bhreith, cur chuige, córas nó cleachtas nó ar chineál nó lánas aon taifead;
- (k) a cheangal ar dhuine iomchuí tuarascáil a sholáthar i dtaobh aon ní a gcreideann an t-oifigeach údaraithe le réasún go bhfuil faisnéis iomchuí ag an duine maidir leis;
- (l) maidir le duine iomchuí a gceanglaítear air nó uirthi taifead áirithe a sholáthar ach nach bhfuil in ann é a sholáthar, a cheangal ar an duine a rá, de réir mar is fearr is eol don duine sin agus a chreideann sé nó sí, cá bhfuil an taifead nó cén duine a bhféadfadh é a fháil uaidh nó uaithi;
- (m) a cheangal, maidir le haon fhaisnéis a thabharfar d'oifigeach údaraithe faoin gCuid seo, go ndéanfaidh cibé duine nó daoine í a dheimhniú mar fhaisnéis atá cruinn agus iomlán agus go ndéanfar amhlaidh ar cibé modh a cheanglóidh an Banc Ceannais nó an t-oifigeach údaraithe;
- (n) cibé iniúchtaí agus seiceálacha a dhéanamh ar mheaisíní láimhseála nótaí bainc agus ar mheaisíní mona-phróiseála in áitreabh a mheasfaidh an t-oifigeach údaraithe a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonfar na hionstraimí dá dtagraítear in *alt 13(1)*;

- (o) samplaí de nótaí euro agus de mhonaí euro atá próiseáilte a thabhairt chun siúil as an áitreabh chun iad a sheiceáil tuilleadh.
- (2) I gcás nach bhfuil taifid i bhfoirm inléite, féadfaidh oifigeach údaraithe, i bhfeidhmiú aon cheann dá chumhachtaí nó dá cumhachtaí faoin gCuid seo—
 - (a) aon trealamh sonraí, lena n-áirítear aon ríomhaire, a oibriú, nó a chur faoi deara go ndéanfaidh duine a bheidh i dteannta an oifigigh údaraithe aon trealamh sonraí nó ríomhaire den sórt sin a oibriú, agus
 - (b) a cheangal ar aon duine, ar dealraitheach don oifigeach údaraithe é nó í a bheith in ann rochtain a éascú ar na taifid arna stóráil in aon trealamh sonraí nó ríomhaire nó ar féidir rochtain a fháil orthu tríd an trealamh sonraí nó an ríomhaire sin a úsáid, gach cúnaimh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe i ndáil leis an trealamh sonraí nó an ríomhaire a oibriú nó i ndáil le rochtain a fháil ar na taifid arna stóráil ann, lena n-áirítear—
 - (i) na taifid a sholáthar don oifigeach údaraithe i bhfoirm inar féidir iad a thógáil agus ina bhfuil siad inléite agus intuigthe nó inar féidir taifid inléite agus intuigthe a dhéanamh díobh,
 - (ii) aon phasfhocal a thabhairt don oifigeach údaraithe atá riachtanach chun taifid inléite agus intuigthe a dhéanamh de na taifid lena mbaineann, nó
 - (iii) a chumasú ar shlí eile don oifigeach údaraithe na taifid a scrúdú i bhfoirm ina bhfuil siad inléite agus intuigthe.
- (3) I gcás go bhfuil beartaithe ag an mBanc Ceannais nó ag oifigeach údaraithe, de bhun an ailt seo, aon taifid a bheidh tógtha ag an oifigeach údaraithe faoi *fho-alt (1)* a choinneáil ar feadh tréimhse is faide ná 14 lá tar éis an dáta ar a dtógfar na taifid, déanfaidh an Banc Ceannais nó an t-oifigeach údaraithe, roimh dheireadh na tréimhse 14 lá sin, nó ar feadh tréimhse níos faide ná sin mar a chomhaontóidh an duine lena mbaineann, cóip de na taifid a thabhairt, ar iarraidh a fháil chuige sin, don duine ar dealraitheach don Bhanc Ceannais nó don oifigeach údaraithe, murach feidhmiú na gcumhachtaí faoin alt seo, é nó í a bheith i dteideal í a shealbhú.
- (4) Tabharfaidh duine iomchuí cibé cúnaimh d'oifigeach údaraithe a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe agus cuirfidh sé nó sí cibé saoráidí réasúnacha ar fáil don oifigeach údaraithe a bheidh riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an t-oifigeach údaraithe a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCuid seo, lena n-áirítear cibé saoráidí chun aon taifid a iniúchadh agus cóipeanna díobh a thógáil a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe.
- (5) Faoi réir aon bharántas arna eisiúint faoi *alt 21*, féadfaidh cibé oifigigh údaraithe eile, cibé comhaltaí den Gharda Síochána nó cibé daoine eile is cuí le réasún leis an oifigeach údaraithe a bheith i dteannta oifigeach údaraithe agus cabhrú leis nó léi le linn don oifigeach a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCuid seo a fheidhmiú.
- (6) Féadfaidh oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a thabhairt dó nó di más rud é—
 - (a) go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint, maidir leis an duine—
 - (i) go bhfuil cion faoi *alt 24* nó *26* á dhéanamh nó déanta aige nó aici, nó

- (ii) go ndearna sé nó sí fianaise a cheilt nó a scriosadh d'aon ghnó, nó go bhfuil fianaise á ceilt nó á scriosadh aige nó aici d'aon ghnó, nó gur dócha go gceilfidh nó go scriosfaidh sé nó sí fianaise d'aon ghnó, is fianaise ar chion den sórt sin, nó
- (b) go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach údaraithe chun a cheangal an fhaisnéis sin a thabhairt dó nó di chun iarratas a dhéanamh ar bharántas faoi *alt 21*.

Is gá barántas chun dul isteach in áitreabh

21. (1) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar d'oifigeach údaraithe le haon fhoráil eile nó faoi aon fhoráil eile den Chuid seo, más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche, ar fhaisnéis faoi mhionn ón oifigeach údaraithe, go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil taifid le fáil ar aon áitreabh, ag aon áitreabh nó in aon áitreabh, féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach údaraithe, agus cibé oifigigh údaraithe eile nó comhaltaí den Gharda Síochána a bheidh riachtanach ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna laistigh de thréimhse bhailíochta an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh—
- (a) dul isteach san áitreabh a bheidh sonraithe sa bharántas, le forneart réasúnach más gá, agus
 - (b) na cumhachtaí a thugtar d'oifigigh údaraithe leis an gCuid seo, nó cibé cumhacht de na cumhachtaí sin a bheidh sonraithe sa bharántas, a fheidhmiú.
- (2) Is í an tréimhse ar lena linn a bheidh barántas bailí tréimhse aon mhí amháin ó dháta a eisiúna, ach féadfar an tréimhse bhailíochta sin a fhadú de réir *pho-alt (3)* agus *(4)*.
- (3) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe, le linn na tréimhse a bheidh barántas bailí (lena n-áirítear an tréimhse sin arna fadú roimhe sin faoi *pho-alt (4)*), iarratas a dhéanamh chun breithimh den Chúirt Dúiche ar ordú lena bhfadófar tréimhse bhailíochta an bharántais agus beidh iarratas den sórt sin bunaithe ar fhaisnéis faoi mhionn a chuirfidh an t-oifigeach údaraithe i láthair agus ina luafar, faoi threoir na críche nó na gcríoch chun ar eisíodh an barántas, na cúiseanna go measann an t-oifigeach údaraithe gur gá an fadú.
- (4) Más deimhin leis an mbreitheamh den Chúirt Dúiche go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint, ag féachaint don fhaisnéis sin arna cur i láthair amhlaidh, gur gá tuilleadh ama chun gur féidir déanamh de réir na críche nó na gcríoch chun ar eisíodh an barántas, féadfaidh an breitheamh ordú a dhéanamh lena ndéanfar cibé tréimhse is cuí agus is cóir i dtuairim an bhreithimh a chur le tréimhse bhailíochta an bharántais mar fhadú; agus i gcás go ndéanfar ordú den sórt sin, cuirfidh an breitheamh faoi deara an barántas a fhormhuiniú go cuí chun a thréimhse bhailíochta fhadaíthe a chur in iúl.
- (5) Ní choisceann aon ní sna fo-ailt roimhe seo ar bhreitheamh den Chúirt Dúiche barántas cuardaigh breise faoin alt seo i ndáil leis an áitreabh céanna a eisiúint ar scór iarratas nua arna dhéanamh faoi *pho-alt (1)*.

Ní mheasfar gur sárú é faisnéis, taifead nó doiciméad eile a sholáthar ná ní dhéanfaidh an céanna difear do lian

22. (1) I gcás go ndéanfaidh duine aon fhaisnéis, taifead nó doiciméad eile a sholáthar don Bhanc Ceannais nó d'oifigeach údaraithe faoin gCuid seo, ní mheasfar go mbeidh aon srian faoi aon achtachán nó riail dlí sáraithe ag an duine, ná ag aon duine eile a ndéanfar an fhaisnéis, an taifead nó an doiciméad eile a sholáthar thar a cheann nó thar a ceann.
- (2) I gcás go n-éilíonn duine a gceanglaítear air nó uirthi faoin gCuid seo taifead nó doiciméad eile a sholáthar lian ar an taifead nó ar an doiciméad, ní dochar don lian é an taifead nó an doiciméad a sholáthar.

Ábhar dlíthiúil faoi phribhléid

23. (1) San alt seo—

ciallaíonn “Cúirt” an Ard-Chúirt;

ciallaíonn “ábhar dlíthiúil faoi phribhléid” faisnéis a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na hArd-Chúirte, diúltú í a thabhairt ar aird ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

- (2) Má dhiúltaíonn duine faisnéis a thabhairt ar aird nó rochtain uirthi a thabhairt, de bhun ceanglas faoin gCuid seo, ar na forais go bhfuil ábhar dlíthiúil faoi phribhléid san fhaisnéis, féadfaidh an Banc Ceannais, aon tráth laistigh de shé mhí (nó cibé tréimhse is faide a cheadóidh an Chúirt) ó dháta an diúltaithe sin, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis, nó aon chuid den fhaisnéis, más rud é—

- (a) i ndáil leis an bhfaisnéis lena mbaineann—

- (i) go bhfuil forais réasúnacha ag an mBanc Ceannais chun a chreidiúint nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid í, nó
- (ii) de dheasca an mhodha ar a ndéantar, nó a mhéid a dhéantar, an fhaisnéis sin a thíolacadh i dteannta aon fhaisnéis eile, nach bhfuil sé indéanta ná praiticiúil an fhaisnéis sin amháin a asbhaint,

agus

- (b) go bhfuil amhras ar an mBanc Ceannais ar fhorais réasúnacha go bhfuil fianaise a bhaineann le cion a dhéanamh faoin gCuid seo san fhaisnéis.

- (3) Aon duine a dhiúltaíonn faisnéis a thabhairt ar aird nó rochtain uirthi a thabhairt, de bhun ceanglas faoin gCuid seo, ar na forais go bhfuil ábhar dlíthiúil faoi phribhléid san fhaisnéis, caomhnóidh sé nó sí an fhaisnéis agus coimeádfaidh sé nó sí í in áit agus ar mhodh atá slán sábháilte go dtí go ndéanfar cinneadh i dtaobh iarratas faoi *fho-alt (2)* agus, má chinntear amhlaidh nach ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis, tabharfaidh sé nó sí ar aird í de réir cibé ordú is cuí leis an gCúirt.
- (4) Measfar gur chomhlíon duine an ceanglas faoi *fho-alt (3)* chun faisnéis a chaomhnú i gcás gur chomhlíon an duine cibé ceanglais a bheidh forchurtha ag oifigeach údaraithe faoi *mhír (g)* nó *(h) d'alt 20(1)*.
- (5) I gcás go ndéanfaidh an Banc Ceannais iarratas faoi *fho-alt (2)*, féadfaidh an Chúirt cibé treoruithe eatramhacha nó idirbhreitheacha is cuí leis an gCúirt a thabhairt, lena

n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, treoruithe maidir le duine a cheapadh ag a bhfuil cáilíochtaí dlí oiriúnacha agus ag a bhfuil an leibhéal taithí agus an neamhspleáchas ar aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an gCúirt is cuí—

- (a) chun an fhaisnéis a scrúdú, agus
 - (b) chun tuarascáil a ullmhú don Chúirt d'fhonn cuidiú leis an gCúirt, nó d'fhonn éascú di, a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.
- (6) Is trí fhorriarratas a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (2)* agus féadfar, má threoraíonn an Chúirt amhlaidh, é a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

Oibleagáidí daoine iomchuí

24. (1) Beidh duine iomchuí ciontach i gcion i gcás nach ndéanann sé nó sí de réir na nithe seo a leanas—
- (a) Airteagal 6.1 den Rialachán maidir le Góchumadh Euro, nó
 - (b) Airteagal 3.1, 3.2 nó 4.1 den Rialachán maidir le Monaí Euro.
- (2) Aon duine iomchuí a thabharfaidh dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 6.2 den Rialachán maidir le Monaí Euro atá bréagach nó míthreorach, beidh sé nó sí ciontach i gcion.
- (3) Faoi réir *fho-alt (9)*, déanfaidh duine iomchuí barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos—
- (a) sa Chinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro, agus
 - (b) más infheidhme, i rialacháin faoi *alt 15*.
- (4) Ní dhéanfaidh duine iomchuí nótaí bainc euro a chur ar ais i gcúrsaíocht ach amháin de réir an Chinnidh maidir le Nótaí Bainc Euro.
- (5) Déanfaidh duine iomchuí na nithe seo a leanas a sheachadadh ar an mBanc Ceannais—
- (a) nótaí bainc lena mbaineann Airteagal 5 den Chinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro, de réir an Airteagail sin agus, más infheidhme, de réir rialacháin faoi *alt 15*, agus
 - (b) nótaí bainc euro atá mí-oiriúnach, de réir rialacháin faoi *alt 15*.
- (6) Déanfaidh duine iomchuí—
- (a) sula gcuirfidh sé nó sí aon chineál meaisín láimhseála nótaí bainc ag oibriú, é sin a chur in iúl don Bhanc Ceannais i scríbhinn (lena n-áirítear ar mhodh leictreonach), agus
 - (b) de réir Iarscríbhinn IV den Chinneadh maidir le Nótaí Bainc Euro, an fhaisnéis a shonraítear san Iarscríbhinn sin a sholáthar don Bhanc Ceannais.
- (7) Beidh duine iomchuí a mhainneoidh *fo-alt (3)*, *(4)*, *(5)* nó *(6)* a chomhlíonadh ciontach i gcion.
- (8) Aon duine iomchuí a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná cúig bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (9) I gcás go mbeidh baint ag beirt iomchuí nó níos mó leis na nótaí bainc euro céanna a chur ar ais i gcúrsaíocht, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (3)* ach amháin maidir leis an duine iomchuí—
 - (a) a bheidh sainainmnithe i rialacháin faoi *alt 15*, nó
 - (b) i gcás nach mbeidh rialacháin ar bith dá dtagraítear i *mír (a)* i bhfeidhm, a bheidh sainainmnithe i gcomhshocraíochtaí conarthacha idir na daoine iomchuí sin.
- (10) Féadfaidh an Banc Ceannais imeachtaí achoimre mar gheall ar chion faoin alt seo a thionscnamh agus a ionchúiseamh.

Mainneachtaí ceanglas a chomhlíonadh

- 25.** (1) Má mhainníonn nó má dhiúltaíonn aon duine iomchuí ceanglas arna fhorchur ag an mBanc Ceannais nó ag oifigeach údaraithe faoin gCuid seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc Ceannais nó an t-oifigeach údaraithe an mhainneachtaí nó an diúltú a dheimhniú don Ard-Chúirt.
- (2) Nuair a dhéanfaidh an Banc Ceannais nó oifigeach údaraithe mainneachtaí nó diúltú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dheimhniú don Ard-Chúirt, féadfaidh an Ard-Chúirt an cas a fhiosrú agus féadfaidh sí cibé ordú a dhéanamh (lena n-áirítear orduithe eatramhacha nó idirbheitheacha) nó teorú a thabhairt is cuí leis an Ard-Chúirt—
- (a) tar éis éisteacht a thabhairt d'aon fhinnéithe a thabharfar ar aird i gcoinne nó thar ceann an duine lena mbaineann, agus
 - (b) tar éis aon ráiteas a thairgfear mar chosaint a éisteacht.

Cion arb éard é cosc a chur, etc.

- 26.** (1) Beidh duine ciontach i gcion, más rud é—
- (a) go gcuirfidh sé nó sí cosc nó treampán ar an mBanc Ceannais nó ar oifigeach údaraithe i bhfeidhmiú aon chumhachtaí faoin gCuid seo,
 - (b) nach gcomhlíonfaidh sé nó sí, gan leithscéal réasúnach, ceanglas arna fhorchur faoin gCuid seo,
 - (c) go ndéanfaidh sé nó sí, i gcomhlíonadh airbheartaithe ceanglais arna fhorchur faoin gCuid seo, faisnéis nó taifid nó doiciméid eile is eol don duine a bheith bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha, a sholáthar don Bhanc Ceannais nó d'oifigeach údaraithe, nó
 - (d) go dtabharfaidh sé nó sí le fios go bréagach gur oifigeach údaraithe é nó í.
- (2) Aon duine a dhéanann cion faoin alt seo, dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
 - (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €250,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná cúig bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (3) Más rud é go ndiúltóidh duine ceist a chuirfear air nó uirthi a fhreagairt nó aon cheanglas eile a chuirfear air nó uirthi faoin gCuid seo a chomhlíonadh ar na forais go bhféadfadh an freagra nó comhlíonadh an cheanglais an duine a ionchoiriú agus go gcuirfear in iúl don duine go bhfuil oibleagáid air nó uirthi an cheist a fhreagairt nó an ceanglas a chomhlíonadh, ní dhiúltóidh an duine an cheist a fhreagairt nó an ceanglas a chomhlíonadh ach ní bheidh an freagra a thabharfar nó an fhaisnéis a sholáthrófar ar an ócáid sin inghlactha mar fhianaise in imeachtaí coiriúla i gcoinne an duine seachas in imeachtaí ina choinne nó ina coinne faoin alt seo.

Dliteanas i leith cionta ag comhlacht corpraithe, etc. (Cuid 3)

27. (1) I gcás go ndéanfaidh duine freagrach cion faoin gCuid seo chun leasa comhlachta corpraithe agus go mbeidh déanamh an chiona iomchuí inchurtha i leith stiúthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú sa chái sin, do mhainniú an méid maoirseachta nó rialaithe is gá a fheidhmiú ar an duine freagrach, tráth déanta an chiona iomchuí agus in imthosca uile an cháis, beidh an comhlacht corpraithe ciontach i gcion.
- (2) In imeachtaí mar gheall ar chion faoi *fho-alt (1)*, is cosaint é do chomhlacht corpraithe arb ina choinne a thionscnófar imeachtaí den sórt sin a chruthú go ndearna sé gach beart réasúnach agus gach dícheall cuí chun déanamh an chiona a sheachaint.
- (3) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin gCuid seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, duine ba stiúthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú sa chái sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (4) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta corpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta corpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (3)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta corpraithe é nó í.
- (5) Maidir le *fo-alt (1)*—
- (a) tá sé gan dochar do na himthosca eile, faoin dlí ginearálta, trína bhfuil gníomhartha duine nádúrtha inchurtha i leith comhlacht corpraithe agus arb é an comhlacht corpraithe sin atá dlite go coiriúil i leith na ngníomhartha sin dá réir sin, agus
- (b) ní eisiatar leis imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha atá páirteach mar dhéantóirí, gríosóirí nó cúlpháirtithe i gcion dá dtagraítear san *fho-alt* sin.
- (6) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)*, dlífeair ar é nó í a chiontú ar díotáil fineáil a chur air nó uirthi.
- (7) San alt seo—
- ciallaíonn “duine freagrach”, i ndáil le comhlacht corpraithe—

(a) stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a airbheartaíonn a bheith ag gníomhú sa cháil sin, nó

(b) fostaí, fochuideachta nó gníomhaire de chuid an chomhlachta chorpraithe;

tá le “fochuideachta”, i ndáil le comhlacht corpraithe, an bhrí chéanna atá leis in Acht na gCuideachtaí, 2014.

CUID 4

ILGHNÉITHEACH

Sainainmniú an Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú le haghaidh nótaí euro agus an Lárionaid Náisiúnta um Anailísiú Monaí

28. Déantar Lárionad Airgeadra Bhanc Ceannais na hÉireann a shainainmniú—

(a) mar an Lárionad Náisiúnta um Anailísiú le haghaidh nótaí euro chun críocha Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le Góchumadh Euro, agus

(b) mar an Lárionad Náisiúnta um Anailísiú Monaí le haghaidh monaí euro chun críocha Airteagal 5(1) den Rialachán maidir le Góchumadh Euro.

Leasú ar Acht an Bhainc Cheannais, 1942

29. Leasaítear Acht an Bhainc Cheannais, 1942—

(a) in alt 2(2A)—

(i) i mír (az) (a cuireadh isteach le Rialachán 39(a)(ii) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réamheolaire), 2019 (I.R. Uimh. 380 de 2019)), trí “an 14 Márta 2019;” a chur in ionad “an 14 Márta 2019.”, agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (az):

“(ba) Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 44/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008;

(bb) Rialachán (AE) Uimh. 1210/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 maidir le monaí euro a fhíordheimhniú agus le monaí euro atá mí-oiriúnach le haghaidh cúrsaíochta a láimhseáil;

(bc) Cinneadh BCE/2010/14 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Meán Fómhair 2010 maidir le barántúlacht agus oiriúnacht nótaí bainc euro a sheiceáil agus iad a chur ar ais i gcúrsaíocht, arna leasú le Cinneadh BCE/2012/19 an 7 Meán Fómhair 2012 agus le Cinneadh BCE/2019/2195 an 5 Nollaig 2019.”,

agus

(b) i gCuid 1 de Sceideal 2 tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

“47 Uimh. ... de 2021 An tAcht um Ghóchumadh, 2021 Cuid 3”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 1994

30. Déantar Sceideal 1A (a cuireadh isteach le Rialachán 18 de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ionstraimeachtaí agus Fáltais ó Choireacht a Chalcadh agus a Choigistiú), 2017 (I.R. Uimh. 540 de 2017)) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 a leasú i mír 10 de Chuid 2—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) alt 33(1A);”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (k):

“(ka) alt 34(2A);”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (p):

“(pa) alt 38(2);

(pb) alt 38A(1);”.

Leasú ar an Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998

31. Leasaítear an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 13:

“**13.** Is as ciste ginearálta Bhanc Ceannais na hÉireann a íocfar na suimeanna seo a leanas agus féichiúnófar ar chúlchiste an airgeadra sa chiste sin iad:

(a) gach suim a bheidh ag teastáil chun monaí arna n-ainmniú in euro nó in cent agus arna soláthar faoi alt 11 a sholáthar;

(b) gach suim a bheidh ag teastáil ó Bhanc Ceannais na hÉireann chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi *ailt 13(1)(b), 13(3) agus 28(b) den Acht um Ghóchumadh, 2021.*”,

agus

(b) in alt 14A(4) (a cuireadh isteach le halt 137 den Acht Airgeadais, 2002), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) an tsuim atá le híoc as ciste ginearálta Bhanc Ceannais na hÉireann agus a fhéichiúnófar ar chúlchiste an airgeadra sa chiste sin—

(i) faoi alt 13, nó

(ii) i leith soláthar monaí—

(I) faoi alt 33(1), nó

(II) faoi alt 6 den Acht um Airgead Reatha Deachúil, 1969.”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil, 2011

32. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2011, i mír 23 de Sceideal 1, trí “38A,” a chur isteach i ndiaidh “38,”.

Leasú ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí), 2018

33. Leasaítear Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí), 2018 (I.R. Uimh. 177 de 2018) i mír 17 de Sceideal 2, trí “37, 38 nó 38A” a chur in ionad “37 nó 38”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.81



9 781399 309769